Cén chaoi ar féidir liom an baol a laghdú go mbeidh ailse phutóige orm.

- Páirt a ghlacadh sa Chlár Náisiúnta Scagthástála Putóige
- Breis gníomhaíochta fisicí a dhéanamh
- Aiste bia a bheith agat ina bhfuil neart snáithíní cothaithe, mar shampla torthaí, glasraí agus arán lánghráin, rís dhonn agus gránaigh
- Laghdú a dhéanamh ar d'iontógáil feola próiseáilte agus feola deirge
- Meáchan sláintiúil a bheith agat
- Srian a chur leis an méid alcóil a ólann tú

Inis dom cuid de na comharthaí a bhaineann leis an ailse phutóige.

Is iad seo a leanas na comharthaí is coitianta den ailse phutóige:

- athrú ar na nósanna ata agat ó thaobh fholmhú do phutóige, mar shampla ag dul go dtí an leithreas níos minice nó buinneach a mhaireann ar feadh roinnt seachtainí;
- cur fola as do thóin (ar a dtugtar an reicteam freisin) gan aon chúis soiléir a bheith leis;
- pian i do bholg;
- cnapán i do bholg;
- cailliúint meáchain nuair nach mbíonn tú ag iarraidh meáchan a chailleadh.

Tá roinnt riochtaí sláinte ann a d'fhéadfadh na comharthaí sin a chruthú. Ach má tá ceann amháin nó níos mó de na comharthaí sin agat ba cheart duit dul chuig do liachleachtóir ginearálta (do dhochtúir teaghlaigh).

An mbíonn scagthástálacha putóige iontaofa?

Faoi mar a bhíonn an scéal maidir le gach scagthástáil, ní bhíonn scagthástálacha putóige 100 faoin gcéad iontaofa i gcónaí. Ní lorgaítear sa tástáil seo ach rian fola i d'fhaecas (do chac) agus ní bhíonn gach ailse nó polaip ag cur fola an t-am ar fad. Is féidir athruithe tarlú freisin idir tástálacha scagtha. Sin é an fáth a bhfuil sé chomh tábhachtach sin go ndéanfaí an scagthástáil gach dara bliain agus go rachfá chuig do dhochtúir ginearálta (do dhchtúir teaghlaigh) má bhíonn aon ábhar imní nó comharthaí agat ag am ar bith agat.

Cá bhfuair tú mo chuid sonraí?

Cuireann lucht an Chláir Náisiúnta Scagthástála Putóige le chéile clár (liosta) de na fir agus is de na mná atá i dteideal scagthástáil a fháil ó shonraí arna soláthar ag an Roinn Coimirce Sóisialaí agus ó fhéinchlárú, de réir Fhorálacha Sláinte an Achta Faisnéise, 1997.

An bhfuil an t-eolas atá agaibh fúm sábháilte?

Faoin Acht um Chosaint Sonraí, coinnímid do shonraí pearsanta agus do thaifid sláinte sábháilte agus faoi rún i gcónaí.

Saorghlao 1800 45 45 55

www.bowelscreen.ie

CR-COM-006 Rev 02

BowelScreen

An Clár Náisiúnta Scagthástála Putóige
The National Bowel Screening Programme

Maidir le scagthástáil phutóige

Cad is an Clár Náisiúnta Scagthástála Putóige ann?

Trí bhíthin an Chláir Náisiúnta Scagthástála Putóige tairgtear scagthástáil phutóige saor in aisce gach dara bliain d'fhir is do mhná atá idir 60 agus 69 mbliana d'aois.

Cad is scagthástáil phutóige ann?

Is éard atá i scagthástail phutóige ná tástáil shimplí baile trína lorgaítear méideanna beaga bídeacha fola nuair a fholmhaíonn duine a p(h)utóg (nuair a dhéanann sé nó sí cac) nach bhfuil le feiceáil ag an tsúil. Is féidir fuil a bheith san fhaecas (sa chac) mar gheall ar roinnt cúiseanna nó mionriochtaí sláinte. Ach d'fhéadfadh comhartha réamhrabhaidh a bheith ann go bhfuil rud éigin mícheart. Ní thugann scagthástáil phutóige le fios go bhfuil ailse phutóige ort ach d'fhéadfadh sé a thabhairt le fios gur gá duit dul faoi thástálacha breise.

Cad is an ailse phutóige ann?

Tugtar an ailse dhrólainne, an ailse reicteach nó an ailse cholaireicteach ar an ailse phutóige freisin. Téann sí i gcion ar an chuid íochtarach den chóras díleáite (an phutóg). Is í an ailse phutóige an dara fhoirm is coitianta d'ailse i measc na bhfear agus na mban in Éirinn. Tá sé d'aidhm ag an scagthálstáil seo ailse phutóige a aimsiú go luath nuair a bhíonn sé níos éasca cóireáil a dhéanamh uirthi.



Ar cheart scagthástáil le haghaidh ailse putóige a dhéanamh orm?

Méadaíonn baol na hailse putóige de réir mar a théann duine in aois. Ba cheart scagthástáil a dhéanamh ar gach fear agus bean atá idir 60 agus 69 bliain d'aois atá ina gcónaí in Éirinn.

Cén fáth ar cheart scagthástáil le haghaidh ailse putóige a dhéanamh?

Tá sé d'aidhm ag an scagthástáil phutóige ailse phutóige a aimsiú go luath i ndaoine nach bhfuil aon chomharthaí ailse orthu. Má bhraitear ailse phutóige go luath, bíonn seans i bhfad níos fearr ann í a chóireáil go rathúil.

D'fhéadfaí athruithe eile mar pholaipí a aimsiú sa phutóg trí scagthástáil phutóige. Ní ailse iad polaipí ach mura mbaintear iad d'fhéadfadh siad athrú ina n-ailse le himeacht ama. Má aimsítear polaipí, is féidir iad a bhaint go héasca.

Cad í an tástáil bhaile scagthástála putóige?

Tástáil imdhíoncheimiceach faecais (caca) is ea an tástáil bhaile a dhéantar mar chuid den Chlár – 'FIT test' a thugtar uirthi i mBéarla.

Cén chaoi a ndéantar Scagthástáil Phutóige sa bhaile?

Déanann tú an tástáil i do theach féin. Cuirfimid litir chugat ag tabhairt cuireadh duit páirt a ghlacadh sa chlár scagthástála putóige. Seolfaimid an trealamh baile scagthástála putóige chugat ansin agus inseoimid duit cén chaoi an tástáil a dhéanamh. Sa tástáil glactar sampla de d'ábhar faecach (cac). Ní gá duit ach dul uair amháin go dtí an leithreas. Tá sé tapa, éasca agus gan pian ar bith.

Cad a chiallóidh sé má thoilím chuige?

Má cheadaíonn tú go sonrach é toilíonn tú páirt a ghlacadh sa Chlár Náisiúnta Scagthástála Putóige agus an tástáil bhaile a dhéanamh. Tugann tú cead freisin don Chlár Náisiúnta Scagthástála Putóige do shonraí pearsanta agus faisnéis faoi do chuntas cliniciúil leis an gClár a choinneáil agus a úsáid. Cuirfidh lucht an Chláir an fhaisnéis sin ar fáil do do liachleachtóir ginearálta (do dhochtúir teaghlaigh), don chlinic ionscópachta ar an drólann agus don Chlárlann Náisiúnta Ailse.

Cathain a gheobhaidh mé na torthaí?

Nuair a bheidh do shampla tástála seolta ar ais agat, gheobhaidh tú litir faoi thorthaí do thástála baile laistigh de cheithre seachtaine. Toradh normálta a bheidh ag formhór na ndaoine.

Cad a chiallaíonn na torthaí?

Bíonn dhá chineál torthaí air.

1. **Toradh normálta.** Ciallaíonn sé sin nach bhfuarthas fuil i do shampla tástála. Tá sé tábhachtach fós eolas a bheith agat faoi na comharthaí maidir le hailse phutóige agus cad ba cheart duit a bheith ag faire amach dó agus dul go dtí do liachleachtóir ginearálta (do dhochtúir teaghlaigh) má bhíonn aon ábhar imní agat. Má bhíonn tú fós idir 60 agus 69 bliain d'aois, déanfaimid scagthástáil phutóige eile a thairiscint duit i gceann dhá bhliain.

2. **Toradh mínormálta.** Ciallaíonn sé sin go bhfuarthas fuil i do sampla tástála. Ní gá go gciallódh sé sin go bhfuil ailse putóige ort ach chiallódh sé gur gá tástáil níos mionsonraithe eile, ar a dtugtar ionscópacht, a dhéanamh ar an drólann.

Cad is ionscópacht ar an drólann ann?

Is éard is ionscópacht ar an drólann ann ná scrúdú ar do phutóg ag baint úsáide as ceamara suite ar deireadh feadáin sholúbtha thanaí lena fháil amach an bhfuil aon pholaipí nó comharthaí galair le feiceáil ar líneáil do phutóige. D'fhéadfaí sampla beag a thógáil de líneáil do phutóige chun scrúdú níos grinne a dhéanamh air. Bithóipse a thugtar air sin. Má aimsítear polaipí le linn na hionscópachta ar do dhrólann is iondúil go mbaintear iad is nach mothóidh tú aon phian. Is í ionscópacht an bealach is fearr chun ailse phutóige agus riochtaí sláinte eile a dhiagnóisiú. Má bhraitear ailse phutóige go luath, bíonn sé níos éasca cóireáil a dhéanamh uirthi.

Déantar ionscópacht ar an drólann in aonad scagthástála ionscópachta in ospidéal a eagraíonn an Clár Náisiúnta Scagthástála Putóige. Ní mór don ospidéal táille reachtúil €75 a ghearradh ar gach duine (seachas ar shealbhóirí cártaí leighis) le haghaidh gnáthaimh chúraim lae.